# Tuairisceán Bliantúil ar Shonraí Trádála (TST) CBL don bhliain dar críoch an 31 Lúnasa 2023

## Réamhrá

De réir Rialachán 24(1) de na Rialacháin maidir le Cáin Bhreisluacha 2010 éilítear ar scoileanna foirm an Tuairisceáin bhliantúil ar Shonraí Trádála (TST) a chur faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim gach bliain.

## Céard í foirm TST CBL?

Bíonn réimsí sa Tuairisceán ar Shonraí Trádála (TST) CBL ina dtugtar miondealú ar an luach a bhain le hearraí agus seirbhísí a sholáthar gan CBL san áireamh, infheidhme i rith na bliana.

## Conas a bhaineann sé sin le scoil?

Má chuir an scoil CBL san áireamh agus earraí agus/nó seirbhísí á bhfáil ó Thír Eorpach eile, lena n-áirítear Tuaisceart Éireann, ní mór an luach gan CBL san áireamh a chuimsiú ar an bhfoirm um Thuairisc Sonraí Trádála CBL. Tabhair do d'aire, ó mhí an Mhárta 2021, maidir le scoileanna atá cláraithe le haghaidh CBL chun críocha seirbhísí tógála a fhrithmhuirearú amháin, níl sé de dhualgas orthu féinchuntasaíocht a dhéanamh ar CBL ar earraí a cheannaíonn siad ó Bhallstáit eile an AE (Tuaisceart Éireann san áireamh). Féach Treoirlíne Airgeadais 25- 2020/2021 Treoir Nuashonraithe do Scoileanna maidir le Clárú agus Cuntasaíocht i leith CBL chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi seo.

Má chuir an scoil CBL ar ioncam cíosa ó áiseanna spóirt agus carrchlóis ar na tuairisceáin CBL, ní mór di an luach gan CBL a chur san áireamh ar an bhfoirm TST CBL.

## Conas a chuireann tú an TST CBL isteach?

Cuirtear an foirm an Tuairisceáin bhliantúil ar Shonraí Trádála CBL isteach trí Sheirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim.

## Tréimhse na dtuairisceán bliantúil i gcomhair TST CBL

Ba cheart go mbeadh Deireadh na Bliana Cuntasaíochta CBL i gcomhréir le Deireadh na Bliana Cuntasaíochta ag an scoil, arb ionann é agus an 31 Lúnasa. Murab amhlaidh, déan

teagmháil leis na Coimisinéirí Ioncaim trí Sheirbhís Ioncaim ar Líne MyEnquiries chun a iarraidh go n-athrófar Deireadh na Bliana Cuntasaíochta CBL go dtí an 31 Lúnasa.

**Cathain a bheidh ar an scoil a TST CBL a chomhdú?**

- Sampla: Scoil a bhfuil an 31 Lúnasa 2023 mar dheireadh na bliana cuntasaíochta don scoilbhliain aici agus go bhfuil an 31 Lúnasa 2023 mar Dheireadh na Bliana Cuntasaíochta CBL:

  Iarrfaidh na Coimisinéirí Ioncaim ar an scoil an Tuairisceán ar Shonraí Trádála CBL a chomhdú i gcomhair na tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2022 go dtí an 31 Lúnasa 2023. Nuair a bheidh an tuairisceán CBL3 á chomhdú agat le haghaidh Iúil/Lúnasa 2023, má léiríonn taifid na gCoimisinéirí Ioncaim go bhfuil TST CBL dlite le haghaidh na tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2022 go dtí an 31 Lúnasa 2023, tabharfar chuig scáileán ionchuir TST CBL tú go huathoibríoch (féach seat scáileáin 1 thíos). (Sula mbeidh tú in ann dul ar aghaidh chuig céim na Sonraí Bainc den phróiseas comhdaithe).


View FAQs

**RTD is due for VAT Accounting Year -**

For traders making supplies under the 7th Directive Margin Scheme relating to the sale of second hand goods or under the Travel Agents Margin Scheme, only the margin obtained on the supply of such goods/services should be included in the figures for SUPPLIES shown.

If you have No trading details to declare for this VAT Accounting Year click the No Trade Details to Declare button:

No Trade Details to Declare

* **Amendment of VAT Return of Trading Details:** Note that there are certain technical limitations on the processing of amendments to VAT RTDs which have been filed through ROS. These can be summarised as follows:

1) Amendments cannot be made to a VAT RTD on the same day that the original Return has been submitted; and
2) Where an amended VAT RTD has already been submitted, additional amendments cannot be made on the same day that the amended RTD has been submitted.

To avoid any delays in processing, customers are advised to ensure the accuracy of Returns before submission.

* Denotes a required field

**Goods and/or Services**

**Have you made supplies of Goods and/or Services? *** Yes No

**Acquisitions from the European Union, including Northern Ireland**

You must record the value of goods/services at the Irish VAT rate applicable.

**Did you acquire any goods or services from the European Union, including Northern Ireland? *** Yes No

## Ullmhúchán sula ndéanfar an fhoirm TST CBL a chomhdú

Sula ndéanfaidh tú an TST CBL a chomhlánú ar ROS, ba cheart duit an tábla thíos a chomhlánú leis an CBL a tuairiscíodh sna tuairisceáin dhémhíosúla CBL 3.

| **Tréimhse CBL** | **CBL ar charrchlóis agus ar áiseanna spóirt €** | **CBL @ 13.5% ar fhochonraitheoirí €** | **CBL @ 23% ar fhochonraitheoirí* €** |
|---|---|---|---|
| **Meán Fómhair/ Deireadh Fómhair** | | | |
| **Samhain/ Nollaig** | | | |
| **Eanáir/ Feabhra** | | | |
| **Márta/ Aibreán** | | | |
| **Bealtaine/Meitheamh** | | | |
| **Iúil/Lúnasa** | | | |
| **IOMLÁN AN CBL** | | | |
| **Luach an tSonraisc** | **€______________** <br> **(Iomlán an CBL roinn ar an ráta CBL iolraigh faoi 100) € = Luach an tSonraisc** | **€______________** <br> **(Iomlán an CBL roinn ar 13.5 agus iolraigh faoi 100) € = Luach an tSonraisc** | **€______________** <br> **(Iomlán an CBL roinn ar 23 agus iolraigh faoi 100) € = Luach an tSonraisc** |

**Tá na seirbhísí seo a leanas faoi dhliteanas CBL a íoc ar ráta 23% i gcás ina gcuirtear ar fáil iad chun críocha oibríocht ábhartha a chur i gcrích.*

- *Scafalra a sholáthar agus a chur suas*
- *Craein agus oibreoir a sholáthar*
- *Fál sealadach a sholáthar agus a chur suas*
- *Lucht saothair a fhostú do láithreán trí ghníomhaireacht*

## An fhoirm TST CBL a chomhlánú ar ROS

Cuirtear an foirm an Tuairisceáin bhliantúil ar Shonraí Trádála CBL isteach trí Sheirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim.

**An Chéad Bhosca dar teideal Earraí agus/nó Seirbhísí** - “An ndearna tú Earraí agus/nó Seirbhísí a sholáthar?” (Féach ar ghabháil scáileáin 2 thíos)

- Má d’íoc tú CBL i rith na bliana agus go raibh an córas Frithmhuirir CBL i bhfeidhm agat ba cheart duit tic a chur le “**RINNE**”, féach ar ghabháil scáileáin 2 thíos.

- Sa bhosca AC5, cuir isteach iomlán na sonrasc ó fhochonraitheoirí (roimh CBL) ag 13.5%, de réir mar a ríomhtar sa tábla achomair thuas. Beidh tromlach na sonrasc ar an ráta sin.

- Sa bhosca P1, (athraithe ó 23% go Caighdeánach) cuir isteach iomlán na sonrasc ó fhochonraitheoirí (roimh CBL) ag 23% de réir mar a ríomhtar sa tábla achomair thuas.

**Tá ciorcal dearg mórthimpeall na réimsí ábhartha**

*Gabháil scáileáin 2: An ndearna tú earraí agus/nó seirbhísí a sholáthar*




**Codanna eile den fhoirm**

Ba cheart “**Ní dhearna/Níl**” a thabhairt mar fhreagra ar gach ceist eile atá liostaithe ar an scáileán ionchuir TST CBL (féach gabháil scáileáin 3 thíos) ach amháin sa chás go bhfuil CBL á fheidhmiú agat ar ioncam cíosa ó áiseanna spóirt nó carrchlóis.

Más rud é go raibh CBL ar ioncam cíosa ar áiseanna spóirt agus carrchlóis á chur san áireamh agat i do thuairisceáin CBL, déan teagmháil le do chuntasóir FSSU chun tuilleadh treorach a fháil faoi conas é sin a chur san áireamh sa TST CBL.

## *Gabháil scáileáin 3: Na codanna eile go léir den fhoirm TST CBL*




**Tabhair faoi deara: mura ndearna tú CBL a íoc i mbliana NÍ MÓR DUIT tic a chur sa bhosca amhail an ghabháil scáileáin thíos**



**Tabhair faoi deara go bhfuil áis ann chun leasú a dhéanamh ar TST CBL a cuireadh isteach cheana féin trí ROS má rinne tú botún ann. Déan teagmháil le do chuntasóir FSSU má tá tuilleadh treorach uait maidir leis sin.**

**féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim pionós a ghearradh as mainneachtain an tuairisceán a chur isteach.**

Guthán: 01-269 0677
info@fssu.ie

*An 31 Lúnasa 2023*